

Rang 3 & Rang 4
**Stair**

# An Piñata

**Seans gur cuimhin leat an rang tíreolaíochta inár thugamar aghaidh ar Mheicsiceo.**

D'fhéachamar ar an áit ina bhfuil Meicsiceo lonnaithe, ar an mbia a itear ann agus ar an stair a bhaineann leis an tír. D'fhoglaim muid freisin faoi thraidisiún an piñata! Bréagán mór toll (i gcruth ainmhí de ghnáth) é piñata ina chuirtear milseáin nó bréagáin bheaga.

An smaoineamh atá leis ná go gcuirfear púicín ort agus go mbeidh ort iarracht a dhéanamh an piñata a bhualadh agus a bhriseadh. Nuair a éireoidh leat sin a dhéanamh, rithfidh tú féin agus do chairde chun na féiríní deasa a thit amach as a bhailiú! Samhlaítear an piñata le Meicsiceo de ghnáth toisc go bhfuil an-tóir orthu ansin.



# An Piñata

**Ach meastar gurbh as an tSín a tháinig an piñata ar dtús.** Creidtear gur thóg an taiscéalaí Marco Polo an piñata leis chun na hEorpa i ndiaidh dó a bheith sa tSín sa 13ú haois. Bhíodh cruth bó nó bulláin ar an piñata ón tSín de ghnáth, mar chéiliúradh ar Athbhliain na Síne.




**Nuair a d'imigh na Spáinnigh go Meicsiceo mar chuid den choncas brúidiúil ar Impireacht na nAstacach, thugadar na cruthanna tolla ildaite seo leo.**

Dála an scéil, ar thug tú an scriobláil bheag os cionn an n i piñata faoi deara? Tugtar Tilde air sin. Úsáidtear sa Spáinnis agus sa Phortaingéilis é le foghraíocht áirithe a chur in iúl. Deirtear piñata cosúil le "Piniáta".

# Déan do Piñata Féin

**Ag teastáil:** 100 gram plúir, 250ml uisce, sean-nuachtán agus balún. Agus roinnt foighne: bíonn ort an piñata a fhágáil go cúpla lá le triomú.

**Céim 1** Séid suas an balún. Cuir an balún ar chupán plaisteach ionas nach mbeidh ort é a iompar.

Measc an plúr agus an t-uisce le chéile i mbabhla. Ansin gearr an sean-nuachtán ina stiallacha. Ansin tóg píosa den pháipéar agus cuir ar maos sa mheascán é.



# Déan do Piñata Féin

Ansin cuir an stiall ar an mbalún.



Lean ort go bhfuil an balún ar fad clúdaithe agat.



# Déan do Piñata Féin

**Céim 2** Nuair atá an balún clúdaithe, **fág leis féin é go ceann lá nó dhó.**

Ansin cuir sraith eile air agus fág go ceann lá eile é. Ansin cuir an tríú sraith leis. Is leor trí shraith ach má dhéanann tú ceithre cinn beidh piñata breá láidir agat ar nós an ceann atá thíos! Tabhair faoi deara gur féidir an balún a fheiceáil ag an mbun.




**Céim 3** Tá sé in am duit an balún a phléascadh! Is féidir siosúr nó biorán a úsáid. Iarr cúnamh ó dhuine fásta chuige seo.

# Déan do Piñata Féin



Beidh liathróid tholl agat ina dhiaidh sin! Déan cnag air go bhfeicfidh tú cé chomh crua is atá sé!




Anois líon an papier-mâché le milseáin agus coinfití tríd an bpoll ag an mbun. Nuair atá sé sin déanta, cuir téip ar an bpoll ionas nach dtitfidh gach rud amach arís.

# Déan do Piñata Féin

**Céim 4** Tá sé in am duit an piñata a mhaisiú. Is féidir dearadh nó dath ar bith a úsáid. Rinne Múinteoir John balún aer te as a cheannsa!




**Céim 5** Anois crochaimis suas é, cuirimis púicín orainn féin agus casaimis timpeall go bhfuil meadhrán ionainn. Ansin déanaimis iarracht é a bhualadh!


Bí an-chúramach nuair atá piñata á úsáid agat ionas nach mbuailfidh tú duine ar bith. Iarr cead ó dhuine fásta sula gcrochfaidh tú suas do piñata. Mar is léir, rinne Múinteoir John a sheacht ndícheall a cheannsa a bhualadh!



# Déan Tíogar!

**Dúirt Múinteoir John linn go dtagann an piñata ón tSín agus go n-úsáidtí é le hAthbhliain na Síne a chéiliúradh. Sa tSín, ní hé an 1ú Eanair an athbhliain mar atá in Éirinn. Tá Athbhliain na Síne bunaithe ar chiogal na gealaí.**


Dá bhrí sin, athraíonn an athbhliain sa tSín ó bhliain go bliain, ach bíonn sé i gcónaí idir an 21ú Eanair agus an 20ú Feabhra. De réir thraidisiún an Síne, ainmnítear gach bliain as ainmhí amháin as dhá cheann déag. Is é 2021 Bliain an Bhulláin. An bhliain dar gcionn, 2022, Bliain an Tíogair a bheidh ann. Déanaimis tíogar mar sin!






**Ag teastáil:** Gliú agus siosúr.

**Céim 1** Gearr amach gach cruth, na línte poncaithe san áireamh. Iarr cúnamh ó dhuine fásta nuair a bheidh an siosúr in úsáid.

**Céim 2** Nuair a bheidh gach cruth gearrtha amach agat, is féidir an tíogar a chur le chéile ansin. Cuir gliú leis na spásanna bána, áit a bhfuil na línte poncaithe.




## TIP

Parts circled with dashed lines are glued under another part of the puzzle

